2024/415

2.2.2024

CINNEADH (AE) 2024/415 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2024

maidir le rochtain an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Criúnna

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear in Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2017/2397 go ndéanfaidh na Ballstáit teastais cháilíochta, leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair a thaifeadadh go hiontaofa gan mhoill i mbunachar sonraí an Choimisiúin.

(2) Chuige sin, bhunaigh an Coimisiún an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Criúnna ('ECDB') le haghaidh teastais cháilíochta agus leabhair thaifid seirbhíse agus an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha ('EHDB') le haghaidh logleabhar agus leag sé síos na coinníollacha a bhaineann le húsáid na mbunachar sonraí sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/473 ([2]).

(3) Le Cinneadh (AE) 2023/1555 ón gCoimisiún ([3]), deonaíodh rochtain don Eilvéis ar ECDB agus EHDB i gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Threoir (AE) 2017/2397, toisc go mbíonn pearsanra de chuid na hEilvéise i mbun loingseoireachta ar uiscebhealaí intíre an Aontais agus go gcloíonn siad le ceanglais atá comhionann leo siúd atá i dTreoir (AE) 2017/2397.

(4) Le litir dar dáta an 13 Meitheamh 2022 d'iarr an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin ('LCLR') rochtain ar ECDB. Is eagraíocht idirnáisiúnta é i réimse na loingseoireachta intíre atá bunaithe ar an gCoinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868. Is iad an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Eilvéis na comhaltaí atá aige. Ní iarrann sé ach rochtain inléite i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Uimh. 2.2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/473 le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar a soiléiríodh ina iarraidh le litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2022.

(5) Téann LCLR i gcomhar leis an Aontas bunaithe ar Chomhaontú Riaracháin a rinneadh in 2003 agus ar Chomhaontú Riaracháin eile a rinneadh in 2013. Ar an mbonn sin, soláthraíonn LCLR cúnamh teicniúil don Aontas maidir le breathnuithe margaidh lena n-áirítear anailísí ar mhargadh saothair na n-uiscebhealach intíre. Oibríonn LCLR freisin mar rúnaíocht don 'Comité Européen pour l'Élaboration de Standards dans le Domaine de Navigation Intérieure' ('CESNI'), coiste a shocraíonn na caighdeáin le haghaidh na loingseoireachta intíre. Sa ról sin, tugann LCLR cúnamh do CESNI le heolas fíorasach, staitisticí agus tacaíocht maidir le hábhar. Dá bhrí sin, dá ndeonófaí rochtain ar ECDB do LCLR, d'fhreastalófaí ar chríocha staidrimh agus d'éascófaí an mheastóireacht ar Threoir (AE) 2017/2397 a leagtar amach in Airteagal 25(2) den Treoir sin.

(6) Chun na cúraimí a bhaineann le freastal ar chríocha staidrimh agus leis an meastóireacht ar Threoir (AE) 2017/2397, níl gá ag LCLR le rochtain ar shonraí pearsanta, ní theastaíonn uaidh ach sonraí staidrimh comhiomlána. Déanann ECDB foráil maidir le modh rochtana a fhágann nach féidir ach sonraí staidrimh comhiomlána a fheiceáil, modh ar cheart é a úsáid i gcás LCLR. Sa litir uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2022, d'áirithigh LCLR thairis sin nach bhfuil bunachar sonraí comhfhreagrach aige a bhféadfadh sé rochtain a thabhairt air mar a cheanglaítear le hAirteagal 25(4) de Threoir (AE) 2017/2397.

([1]) IO L 345, 27.12.2017, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/2397/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/473 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin do bhunachair sonraí le haghaidh deimhnithe cáilíochta, leabhair thaifid seirbhíse agus logleabhair de chuid an Aontais (IO L 100, 1.4.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/473/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2023/1555 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 maidir le rochtain ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Criúnna agus ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha a thabhairt d'údaráis na hEilvéise (IO L 188, 27.7.2023, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1555/oj).

(7) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar iarraidh LCLR, measann sé gur iomchuí rochtain ar ECDB a dheonú do LCLR,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tabharfar rochtain ar shonraí staidrimh comhiomlána sa Bhunachar Sonraí Eorpach maidir le Criúnna don Choimisiún um Loingseoireacht ar an Réin. Ní bheidh rochtain ar shonraí pearsanta san áireamh sa rochtain sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN